# Deoise Luimnigh

## Forléargas 2023



# Tá Neart Rudaí á Dhéanamh!

## Bíodh Meas Againn ar an Saol agus Tuiscint ar an gCostas

Tá áthas orm an forléargas seo ar Dheoise Luimnigh a chur os bhur gcomhair don bhliain 2023. Mar atá le feiceáil ann, roinntear an forléargas ina míreanna a fhreagraíonn do mhórthéamaí Shionad ár nDeoise. Tá aidhm an fhorléargais seo ina trí chuid.

Ar an gcéad dul síos: Tugtar ann léargas faisnéiseach ar shaol ár nDeoise, paróistí, oird reiligiúnacha agus cuallachtaí, gluaiseachtaí agus pobail, tograí agus gníomhaíochtaí san áireamh. Mar a bhí le feiceáil ag Sionad 2016, Is éard atá sa Deoise comhphobail de phobail éagsúla agus in ainneoin deacrachtaí, tá neart rudaí á dhéanamh.

Ar an dara dul síos: Is geall le cuireadh an forléargas seo do léitheoirí a ról féin a mheas laistigh de chlann na deoise. Tá treoir ar fáil sa Sionad. Ní féidir le gach duine gach rud a dhéanamh ach is gá le gach duine rud éigin a dhéanamh! Iarrtar ar gach duine dínn ár gcuid a dhéanamh chun a chinntiú go gcothaítear saol an tsoiscéil agus go scaiptear é trí cheann amháin nó cheann eile de na "mórbhealaí" luaite sna leathanaigh seo – ag cruthú muintearais sa phobal lena n-áirítear an fhor-rochtain shóisialta, an t-oideachas agus an creideamh a chur ar aghaidh chomh maith leis an liotúirge, cúrsaí spioradáltachta agus beocht a chur ann: munlaí nua ministreachta ina bhfuil ról ag na tuataí mar aon leis an ministreacht óige.

Ar an tríú dul síos: Ar fud an fhorléargais, cuirimid na staitisticí i gcomhthéacs an lae inniu. Tá achoimre orthu ar fáil freisin ag deireadh na míre "Ar Sracfhéachaint" Tá súil agam go dtabharfar an t-eolas seo tuiscint níos fearr ar phróifíl na cléire, socruithe airgeadais agus chomh maith leis na dúshláin atá os ár gcomhair amach sa deoise.

Leis an bhforléargas seo, tá súil agam go léireofar níos fearr conas mar a chaithfear na Rannaíochtaí Míosúla maidir le bailiúchán Riachtanais na Deoise. Is gá an líon mór na seirbhísí fiúntacha a chuireann pobail na bparóistí ar fáil a mhaoiniú ón lár maidir le bainistíocht mhaith, cuntasaíocht, comhairle agus cúnamh – a thagann le costas. Tugann go leor paróistigh fhlaithiúla roinnt mhaith airgid do bhailiúcháin na nEaglaisí agus is fiú an deis a thapú san fhorléargas seo "buíochas mór a ghabháil dóibh". San fhorléargas tá an deis aird a tharraingt ar bheocht fhuinniúil na deoise agus na bparóistí. Chomh maith le sin, cuideofar sinn, agus na fíricí agus na figiúirí praiticiúla á léiriú, plean don todhchaí a chur le chéile agus cuid do na dúshláin a ainmniú. Agus mé ag gabháil do sin, tagann dhá íomhá ón mBíobla chun cuimhne. Is scéal é an chéad cheann ó Rí Dháiví (2 Samúéil 24:1-17). Ag pointe áirithe ba léir gur eagraigh sé daonáireamh ar mhuintir Iosrael. Bhí fonn air an daonra a

chomhaireamh d'fhonn measúnú a dhéanamh ar an líon saighdiúirí a bheadh ar fáil dó chomh maith le suim mhór airgid a bhailiú i gcánacha. Deirtear sa Bhíobla nach raibh Dia sásta in aon chor leis an modh oibre seo agus ba cheart le Dáiví bheith muiníneach as Dia seachas as ríomhanna daonna. Mar sin, is cinnte go gcaithimid na leathanaigh seo a léamh agus spiorad an bhuíochais inár gcroí as an méid a rinne Dia agus atá á dhéanamh aige inár measc inár ndeoise. Ní mór dúinn ár muinín a chur ann agus gan a bheith ag smaoineamh ar an Eaglais mar ghnólacht a bhaineann úsáid as cúrsaí margaíochta, pleanála nó straitéisí.

Ach, tá scéal eile ón mBíobla a chuireann i gcuimhne dúinn a bheith réalaíoch nádúrtha. Is le hÍosa an scéal teagaisc seo. Agus é ag caint lena dheisceabail ar an dua a bheith ina dheisceabal, deir Íosa "Óir cé acu díobh arb áil leis túr a thógáil, nach suífidh sé síos ar dtús agus an costas a mheas, féachaint an acmhainn dó é a chríochnú?" (Lúcás 14:28). Tagann an cuireadh "chun suí síos agus an costas a mheas " ó Íosa É féin. Agus sinn ag cur ár muinín i nDia, ag leanúint Íosa agus faoi threoir an Spioraid Naoimh, caithimid bheith praiticiúil, ár n-intinn a úsáid, ár gcomhaireamh a dhéanamh agus tabhairt faoi chúrsaí go stuama. Ciallaíonn sé sin, misneach a bheith againn, caithimid a aithint sna blianta amach romhainn go bhfuil cuid de na struchtúir agus socruithe, foirgnimh nó na gníomhaíochtaí atá againn le blianta fada nach mbeadh gá leo a thuilleadh nó nach bhfuil d'acmhainn againn faoi láthair. Cloistear guth Dé freisin trí fhíricí agus trí fhigiúirí go laethúil.

Tá súil agam go mbainfidh sibh taitneamh as an bhforléargas seo a léamh. Cuimhnímis ar ár sinsear a chuir an creideamh ar aghaidh dúinn ó ghlúin go glúin. Cuimhnímis freisin go mbeidh tionchar ag ár ngníomhartha inniu ar na glúnta atá fós le teacht ach atá anois in ár gcuimhne agus sinn ag déanamh ár gcinntí. Thar aon rud eile, mairimid sa láthair leis an Spiorad Naomh agus lena mhian go dtugaimid aghaidh ar an dúshlán atá romhainn le misneach agus simplíocht, saoirse agus flaithiúlacht. Agus sinn á dhéanamh, cuimhnímis ar Mhuire ár Máthair. Níl tuiscint níos fearr ag aon duine ar cad is í an Eaglais ann agus conas is féidir í a fheabhsú ná ise, Máthair na hEaglaise. Bhí sí freagrach le Dia agus is sin croí na hEaglaise; is amhlaidh dúinn freisin in ár gcreideamh, in ár ndóchas agus in ár ngrá.

Tá súil agam go mbainfidh sibh taitneamh as an bhforléargas seo a léamh. Táim faoi chomaoin ag Julia Fassero agus iad siúd a d'ullmhaigh an saothair seo.

+ Brendan Leahy

**Breandán Ó Laochra, Easpag Luimnigh**

8 Meán Fómhair 2023
Breithlá na Maighdine Mhuire

# Clár na nÁbhar


Pobal agus
Ag Mothú i bPáirt
*leathanach 5*

Foirmiú
Creidimh
*leathanach 14*

Cúram Tréadach
do Theaghlaigh
*leathanach 20*

Modhanna nua de
Cheannaireacht
Thréadach
*leathanach 25*

Liotúirge,
Spioradáltacht
agus Beatha
*leathanach 33*

Daoine Óga
*leathanach*

Deoise Luimnigh – Ar Sracfhéachaint
Staitisticí & Cúrsaí Airgid
*leathanach 45*



# Gradaim Pápa Eoin Pól II

Gach bliain ceiliúrann an Deoise na daoine óga a nglacann páirt sna gradaim JPII. Sa phictiúr anseo, tá an tEaspag Breandán Ó Laochra i dteannta faighteoir Ghradam Óir 2023 Daibhí Ó Briain ó Scoil Pól, Cill Fhíonáin.

# Pobal agus Ag Mothú i bPáirt

*Sa mhír seo:*

*Paróistí mar Phobail Mhuintearais*

*Bealaí Seirbhíse*

*Scoileanna & Coláistí Caitliceacha*

*Cuallachtaí Reiligiúnacha*

*Oidhreacht Dheoise Luimnigh*

# Paróistí mar Phobail Mhuintearais

Is pobal an eaglais – faoi mar atá mórán san aon chorp amháin, is baill den aon chorp sinn i gCríost (Rómhánaigh 12:4-5). Déanann Deoise Luimnigh iarracht an pobal seo a chothú in Iarthar Lár na Éireann agus aidhm aici freisin go mbeadh muintearais i bpáirt ag cách.

Déantar é seo trí bhealaí éagsúla for-rochtana, eagrais, agus go mór trí paróistí aonair.

"Ag am ár mBaiste, fáiltítear isteach sa phobail Chríostaí sinn agus dearbhaítear inár ndínit gur clann Dé sinn. Mar chlann mhuinteartha Dé… glaoitear orainn bheith inár ndeisceabail ghrá Dé gan teorainn." (Plean Tréadach Dheoise Luimnigh, 11)

## De réir na n-uimhreacha

*(ón 1 Iúil amach)*

**60** paróiste

**2,100** km² (achar na Deoise)

**150,327** Caitliceach baiste

**88** sagart deoiseach

**1111** An bhliain ar bunaíodh an Deoise

"Glaoitear ar an Eaglais a bheith mar theach an Athar, na doirse i gcónaí ar oscailt. … Is féidir le gach duine páirt a ghlacadh i slí éigin i saol na hEaglaise: is féidir le gach duine bheith mar chuid de phobail…."

***An Pápa Prionsias, Evangelii Gaudium, 47***



# Paróistí mar Phobail Mhuintearais

Tá pobail na bparóistí lárnach san Eaglais. Is in ár bparóiste féin a chasaimid ar chaitlicigh eile. Is ag an Aifreann agus na deasghnátha eile a adhraimid i dteannta a chéile. Molaimid Dia mar phobal agus fásaimid le grá dá chéile agus i bhfor-rochtain shóisialta.

Bunaíodh Deoise Luimnigh sa bhliain 1111 ag Sionad Ráth Breasail. Is iad Naomh Mainichín agus Naomh Íde a naomhphátrúin. Bhunaigh Naomh Mainichín agus Naomh Íde araon pobal reiligiúnach i gContae Luimnigh agus chothaigh siad beirt creideamh caitliceach sa cheantair. Tá sin á dhéanamh inniu mar a rinne siad fadó nuair a bhailímid le chéile mar phobal paróiste i gcreideamh, i ndóchas agus i ngrá.

Bailíonn a lán daoine gach bliain ar 15 Eanáir i bParóiste Chill Íde chun onóir a bhronnadh ar Naomh Íde agus í a thabhairt chun cuimhne. Cuimhnímis freisin go bhfuil Comaoin na Naomh ar Neamh linn i gcónaí sa saol seo.

"Is lóchrann é an pharóiste agus lastar ann solas an chreidimh a fhreagraíonn ar na mianta is doimhne agus is físe sa chroí daonna a thugann tuiscint agus dóchas do shaol na ndaoine agus do shaol an teaghlaigh."

*An Pápa Beinidict XVI*






# Bealaí Seirbhíse

Is mian le Deoise Luimnigh saothar go díreach nó i dteannta le réimse sheirbhísí pobail agus tionscnamh, iad seo a leanas san áireamh:

## Comhairle na Seirbhíse Sóisialta Luimnigh

Bhunaigh an tEaspag, Anraí Ó Murchú, an Chomhairle na Seirbhíse Sóisialta Luimnigh i 1966 agus tá dlúth-nasc idir an CSSL agus an Deoise fós ach go háirithe maidir le réimse a bhaineann le rialachas agus le ceartas sóisialta. San áireamh sna seirbhísí a chuirtear ar fáil san CSSL, tá: cúram leanaí ar chostas réasúnta, seirbhísí do theaghlaigh, cláir do máithreacha sa phobail, seirbhísí comhairleoireachta agus seirbhísí do dhaoine breacaosta. Cuireann an CSSL seirbhísí for-rochtana go háirithe sa chomhairleoireacht ar fáil fud fad Dheoise Luimnigh.

## An tSéiplíneacht

Is mór leis an nDeoise 17 séiplíneach a chur ar fáil do na hospidéil agus do tithe altranais sa cheantar. Tá an tEaspag Breandán Ó Laochra ina chathaoirleach ar Ospidéal Naomh Eoin. Chomh maith le sin, cuireann an Deoise tacaíocht ar fáil do scoileanna, don arm, don phríosún agus do shéiplíneachtaí na gcoláistí an tríú leibhéal.

## An tSeirbhís Óige Luimnigh

Bhunaigh an tSiúr, Joan Bowles RSM, an tSeirbhís Óige Luimnigh i 1973. Tá forbairt tagtha uirthi ó shin i leith agus sa lá atá inniu ann is eagraíocht ilghnéitheach í ag freastal ar dhaoine óga i gCathair agus i gContae Luimnigh. Tá níos mó ná 5000 duine óg ag baint leasa as na seirbhísí agus níos mó ná 100 oibrí deonach gníomhach ag cur leis na seirbhísí.

> "Cíbe rud a tharlaíonn don duine is lú inár measc, téann sé i bhfeidhm ar an bpobal i gcoiteann."
>
> *An tAthair Pat Hogan*

## Roinnt Tionscanamh de Sheirbhísí

Déanann an Deoise naisc le grúpaí agus gníomhaireachtaí atá ag plé cheana féin le daoine ar an imeall chun tacaíochtaí praiticiúla a chur chun cinn. San áireamh sna grúpaí sin, tá: Focus Ireland, Tionscadal Rae Bedford, Clann Shíomóin, An tSeirbhís Óige Luimnigh, Compánaigh Chomhphobal Mhaigh Rois, An Lucht Taistil, Líonra an Phobail Lár na Cathrach, Séiplíneacht an Phríosúin, Tionscadal Mhéala Leanaí, Meabhairshláinte Dhaoine Óga, Cumann Naomh Uinseann de Pól, Athfhorás Paróistí.



# Scoileanna & Coláistí Cathliceacha

Aithníonn an Deoise an tábhacht a bhaineann le hoideachas a chur ar fáil don aos óg. Tá an Deoise tiomanta na hacmhainní is fearr a cur ar fáil le cinntiú go mbeadh oideachas Caitliceach le fáil do gach páiste nó gach duine óg ar mian leis\lei é.

Chuige sin, saothraíonn anamchairde na deoise agus lucht Oifig Oideachais Naomh Sheanáin i dteannta a chéile le múinteoirí, bainistíocht na scoileanna, cléir na bparóistí, tuismitheoirí agus caomhnóirí chun tacaíocht agus acmhainní maidir le hoideachas religiúnach a chur ar fáil i mbunscoileanna agus i scoileanna an dara leibhéal.

Bhunaigh an tEaspag Young Coláiste Deoiseach Naomh Mainichín i 1796. Cuireann an Deoise tacaíocht airgeadais ar aghaidh fós d'fhonn séiplíneacht í gColáiste Naomh Mainichín a chur ar fáil.

Bhunaigh an tEaspag O'Dwyer agus Cuallacht Shiúracha na Trócaire Coláiste Mhuire gan Smál in 1898. Freastalaíonn timpeall 5000 mac léinn ar an gcoláiste. Tá an tEaspag Luimnigh ina chathaoirleach ar na hIontaobhaithe agus ar Bhord na nGobharnóirí. Tá sagart na deoise, an tAthair Micheál de Bhall, ina shéiplíneach don choláiste.

## De réir na n-uimhreacha

**102** Scoil náisiúnta

**816** Duine dheonach ar Bhoird Bainistíochta

**12** Scoil Dheonacha Chaitliceacha

**6** 6 Scoil Bhord Oideachais agus Oiliúna (BOO) sainithe i gcomhpháirt leis an nDeoise nó le hOird Reiligiúnacha

**1** Choláiste Oideachais agus na Saorealaíona tríú leibhéal

**30,000** mac léinn ag baint leasa as na Seirbhísí Comhairleacha

**1,092** múinteoir ag baint leasa as na Seirbhísí Comhairleacha

"Is aoibhinn an teagasc a chuireann deis ar fáil dúinn daoine faoin ár gcúram a fheiceáil ag fás lá in dhiaidh lae. Is mórchurám é!"

*An Pápa Proinsias*



## Emma

## *Scoil Náisiúnta Fheadamair.*

Is maith liom ár scoil Chaitliceach mar...

"Is ionann a bheith ag scaipeadh soiscéal Dé agus a bheith ag scaipeadh Dé ar fud an domhain."











## Julia

## *Scoil Mhuire Banríon na hÉireann, Cathair Dháibhín*

Is maith liom ár scoil Chaitliceach mar...

"Is cuid den aon chlann amháin sinn uile."

# Cuallachtaí Reiligiúnacha

Faoi inspioráid a gcarasma, bíonn fir agus mná reiligiúnacha i mbun ministreachtaí éagsúla. Is comhábhair bunúsacha dóibh a gcaidreamh le Dia agus a saolta urnaithe.

San áireamh sna ministreachtaí seo, tá: an creideamh a chothú, treoir spioradálta agus dísirt, saothar an pharóiste agus cúrsaí cheartais shóisialta, ag freastal ar chomhairlí agus ar bhorid, ag obair mar shéiplínigh agus i ndlúthchaidreamh le lucht na hainnise. Is soiléir don Deoise cé chomh fiúntach is atá saothar agus urnaí bhaill na gCuallachtaí Reiligiúnacha agus cuireann sí cabhair agus cúnamh ar fáil dóibh ón tSiúr Filis Ní Mhuíneacháin, Biocáire do Bheatha Réiligiúnach

## De réir na n-uimhreacha

**16** cuallacht bhaineanna

**8** cuallacht fhireanna

**212** Admháil Crábhaidh déanta ag mná

**70** Admháil Crábhaidh déanta ag fir

## Cuallachtaí Baineanna

Na Siúracha Doiminiceacha de Naomh Síle (Cecila)
Compánaigh Dílse Íosa
Misinéirí Phroinsias agus Mhuire
Misinéirí Mhuire
Muire na Carthanachta an Dea-Aoire
Cailiní Bochta Mháthair Dé
Siúracha na Toirbhbhirte
Siúracha na Sailéiseach
Siúracha Bon Secours De Troyes
Siúracha na Carthanachta de Mhuire Mháthair na Trócaire
Siúracha na Carthanachta Naomh Pól an tAspal
Siúracha Marie Reparatrice
Siúracha na Trócaire
Siúracha Naomh Proinsias Philadelphia
Siúracha Naomh Seosamh an Chroí Ró-naofa
Siúracha Cuairte na Maighdine Muire Beannaithe

## Cuallachtaí Fireanna

Na Agaistínigh
Na Bráithre Críostaí
Na Doiminicigh
Na Bráithre Proinsiasacha na hAthnuachana
Institiúid Chríost Rí
Cumann Íosa
Ord an tSlánaitheora
Na Saléisigh



“Gnéithe croíúla saoil an chreidmhigh is ea guí agus rinnfheitheamh.”

*An tSiúr Phyllis Moynihan, RSM*





## Reiligiúnaigh agus Saol na hEaglaise

Is mór ag an nDeoise tacaíocht a thabhairt do 24 cuallacht reiligiúnach ina bhfuil níos mó ná 280 ball. Is luachmhar le pobal Dé guí dilís na mball uile. Chomh maith le sin is ilghnéitheach na seirbhísí a chuireann siad ar fáil: i bparóistí, i scoileanna, mar shéiplínigh, mar cheannairí ar chúrsaí spioradálta agus mar threoraithe spioradálta.

# Oidhreacht Deoise Luimnigh

Cuireann an Pápa i gcuimhne dúinn gur taisce iad scéalta agus fianaisí na seanaimsire agus gur cheart dúinn iad a choinneáil slán go cúramach. Is acmhainn agus cabhair threorach dúinn iad sna laethanta seo agus i dtreo na todhchaí.

Tá ról comhairleach ag an gCoiste Comhairleach na hEalaíne, na hAiltreachta, agus na hOidhreachta ar athruithe atá beartaithe do shéipéil.

D'athbhunaigh an tEaspag John Young an Chartlann go luath sa naoú céad déag. Tá doiciméid, grianghraif, taifid agus comhfhreagrais maidir le sagairt, Easpaig, na tuataí, reiligiúnaigh agus tuilleadh déantán caomhnaithe inti.

## De réir na n-uimhreacha

**30** úsáideann 30 taidhleoirí an Chartlann gach bliain

**1800** bosca cartlainne sa bhailiúchán

**1300ú** téann an *Black Book of Limerick* siar go dtí an dara haois déag. Is é an mír is ársa sa bhailiúchán


**20ú & 21ú haois**

Tá míreanna an 20ú agus an 21ú haois ó chlochair, ó pharóistí agus ó shagairt aonair san áireamh sa bhailiúchán

## An raibh a fhios agat?

Is iad seo buaicphointí an bhailiúcháin:

- 1300ú *Black Book of Limerick*
- 1700ú *White Manuscript*
- 1700ú agus 1800ú Lámhscríbhinní Gaeilge
- Cáipéisí éagsúla easpag agus sagart
- Cáipéisí maidir le cultúr agus sochaí na hÉireann, agus stair mhná na hÉireann.



# Foirmiú Creidimh

*Sa mhír seo:*

*Próiseas ar feadh an tsaoil*

*Grúpaí Fhás Creidimh*

*Oideachas Reiligiúnach sna Scoileanna*

# Próiseas ar Feadh an tSaoil

Déanann an Deoise a dícheall deiseanna fairsinge a chur ar fáil do dhaoine ó gach aoisghrúpa a gcreideamh a fhorbairt. "Is próiseas ar feadh an tsaoil é foirmiú creidimh…" (Plean Tréadach Deoise Luimnigh, 22). Chuige sin, cuirtear ranganna sacraimintiúla ullmhúcháin ar fáil do thuismitheoirí agus dhaltaí i scoileanna neamhchaitliceach. Chomh maith le sin, tugtar deiseanna do dhaoine freastal ar imeachtaí éagsúla dírithe ar chúrsaí chreidimh; staidéar an Bhíobla sna pharóistí, ranganna agus cainteanna fhoirmiú chreidimh do dhaoine fásta, leabhráin agus litreacha tréadacha san áireamh.

Is sa pharóiste atá an phríomhdeis caiticéis a chur chun cinn go háirithe san Aifreann ina dtugtar dúinn scrioptúr, deiseanna urnaithe, caiticéis, agus an Eocairist – an foirmiú chreidimh is mó.

Chomh maith le na himeachtaí sin, craobhscaoiltear eolas ar imeachtaí reiligiúnacha agus imeachtaí sibhialta suntasacha. Tá neart nasc do fhoirmiú chreidimh, do imeachtaí agus d'acmhainní ar fáil ar shuíomh gréasáin na Deoise agus ar Facebook chomh maith.

## De réir na n-uimhreacha

**436** Aifreann gach seachtain

**168** Aifreann gach deireadh seachtaine

**15,597** a fhreastalaíonn ar an Aifreann gach deireadh seachtaine

**7,200** cuairteoir ar shuíomh gréasáin na Deoise go míosúil

**6,400** leantóir ar Facebook na Deoise

**1,000** leantóir ar Instagram na Deoise

"Ar bheola an chaiticeasmóra a dhéanann an chéad fhógairt, go mbeadh sé le clos arís agus arís eile go hard agus go soiléir. "Tá grá ag Íosa Críost duit; thug a shaol ar do shon; agus tá Sé beo anois le do thaobh ag tabhairt solais agus nirt agus saoirse duit.""

*An Pápa Proinsias*










## An bhfuil fhios agat?

Tugann an Deoise tacaíocht do dhaltaí bheith páirteach sna hiarrachtaí: Gradam an Phápa JPII, Trócaire, Alpha na nÓg, Ministreachtaí NET, An Clár *Credible Catholic*, Óige 2000, Muintearas Íosa agus eile.





# Grúpaí Fhoirmiú Creidimh

Is mór leis an Deoise éascaíocht a dhéanamh chun foirmiú chreidimh a chur ar fáil trí chláir agus grúpaí éagsúla do gach aoisghrúpa, na cinn seo a leanas san áireamh:

## Alpha agus Alpha na nÓg

Is grúpa soiscéalaíochta é Alpha a cuirtear béim ar bhuneilimintí na Críostaíochta a thabhairt isteach agus a phlé.

## Curám na Cruinne

Reáchtáiltear faoi thionscnamh idirdheoiseach imeachtaí agus staidéar leabhar bunaithe ar ***Laudato Si*** agus cuirtear acmhainní ar fáil dírithe ar churám na Cruinne.

## Caiticéis an Dea-aoire

Is í Caiticéis an Aoire Mhaith ná cur chuige ar fhoirmiú creidimh do pháistí óga ar aois 3 – 12 ina bhfuil deiseanna ann taithí a fháil ar Dhia agus ar chaidreamh a chruthú le Dia.

## Imirt Dhiaga

Is cineál ar leith de chaiticéis atá san Imirt Dhiaga do pháistí. Bunaithe ar scéalaíocht mar shlí isteach sa scrioptúr agus sa liotúirge, an príomhaidhm is ea deis a thabhairt do pháistí a gcreideamh féin a bhlaiseadh.

## Oilithreachtaí

Bíonn oilithreachtaí deoiseacha bliantúla ar siúl go Lourdes agus go Cnoc Mhuire. Bíonn oilithreachtaí áitiúla ar siúl chomh maith, mar shampla go háiteanna mar Chill Íde, áit ina raibh Naomh Íde ina baile.

## Trócaire

Ciallaíonn 'Trócaire' trua agus taise, carthanacht agus déirc. Is gníomhaireacht de hEaglais Chaitliceach na hÉireann í Trócaire. Déanann sí a seacht ndícheall inti dul i ngleic le bochtanas agus éagór sa domhan forbraíochta.














# Oilithreacht go Lourdes

Eagraíonn an Deoise oilithreacht bhliantúil go Lourdes na Fraince. I measc na céadta a fhreastalaíonn uirthi, bíonn timpeall 100 duine óg.





# Oideachas Reiligiúnach sna Scoileanna

Eagraíonn an Deoise dhá sheirbhís chomhairleach mar chúnamh do mhúinteoirí agus do shéiplínigh i mbun teagaisc reiligiúnaigh sna scoileanna.

## Seirbhís Chomhairleach Dheoiseach do Bhunscoileanna

Tugann baill den Sheirbhís Chomhairleach do Bhunscoileanna cuairt ar gach bunscoil chun tacaíocht a thabhairt do fhoireann na scoile agus iad a mhisniú do éiteas caitliceach. Cuireann na comhairleoirí ranganna oideachais reiligiúnigh agus ranganna forbartha an chreidimh ar fáil do phaistí nach bhfuil ag freastail ar scoileanna caitliceacha. Cuireann siad seimineáir ghréasán i láthair do thuismitheoirí a bhfuil a bpáistí ag déanamh a gCéad Chomaoineach agus a gCóineartú agus eagraíonn siad sceideal na gcóineartaithe. Chomh maith le sin, cuirtear nuachtlitir mhíosúil 'Creidimid' ar fáil do scoileanna caitliceacha.

## Comhairleoir Deoiseach do Scoileanna na nIar-bhunscoile

San áireamh maidir leis na cúraimí atá ag an gComhairleoir Deoiseach do Scoileanna agus do na hIar-bhunscoile, tá iad seo a leanas: éascú cruinnithe, acmhainní a chur ar fáil sa nuachtlitir sheachtainiúil agus trí inseirbhísí bhliantúla, tacaíocht a thabhairt do mhúinteoirí aonaracha no séiplínigh aonaracha ar cheisteanna ar leith, cuairteanna a thabhairt ar scoileanna, teagmháil a dhéanamh le príomhoidí agus nasc bríomhar a chóiméad idir an Deoise agus scoileanna an dara leibhéal.

Chomh maith le sin, cuireann an CDSI nuachtlitir ar fáil ina bhfuil acmhainní liotúirge, cuireann sé moltaí do thionscadail phraiticiúla chun cinn agus cuireann sé sonraí ar fáil faoi imeachtaí, ceardlanna agus eile.

**Micheál**
**Coláiste Mhainichín**
Is éard atá i scoil Caitliceach ná

"áit ina bhfuil deis ag an duine maireachtáil agus fás ina chreideamh agus deis meas a thabhairt ar a chéile mar bhuachaillí caitliceacha agus mar bhuachaillí de chuid creidimh eile."



# Cúram Tréadach do Theaghlaigh

*Sa mhír seo:*

*Is Teaghlach í an Eaglais*

*Acmhainní do Theaghlaigh agus do Ghrúpaí*

*Ag siúl le Teaghlaigh agus Iad ag Ceiliúradh na Sacraimintí*

# Is Teaghlach í an Eaglais

Tá an Teaghlach, mar aon lena dúshláin agus a iliomad taispeánadh, lárnach do bheatha na hEaglaise. Ba é Íosa Críost a thug solas na bhflaitheas leis ar thalamh agus mhair sé i dteaghlach. Maireann teaghlaigh caitliceacha sa lá atá inniu ann agus láithreacht Íosa ina measc. I ndeireadh na dála is é saol na Tríonóide eiseamláir shaol an teaghlaigh, na trí Phearsa Dhiaga, Athair, Mac agus Spiorad Naomh agus grá acu dá chéile.

## De réir na n-uimhreacha

**365** Pósadh

**1,792** Baisteadh

**2,126** Comaoineach don chéad uair

**2,190** Cóineartú

"Scoil chothaithe na daonnachta is é an teaghlach ina bhfuil gach duine mar chuid de agus áit ag gach duine ann… Is scoil an creidimh Críostaíochta freisin í ina bhfaightear greim ar an gcreideamh cé nach múintear go mion ann." (Plean Tréadach Deoise Luimnigh, 14)". Le mór-iarracht, soláthraíonn an Deoise acmhainní do theaghlaigh ag leibhéal an pharóiste agus ag leibhéal na deoise – imeachtaí agus leabhráin ar an topaic san áireamh.



# Acmhainní do Theaghlaigh agus do Ghrúpaí

Cuireann Deoise Luimnigh grúpaí agus cláir ar fáil mar thacaíocht do theaghlaigh ag gach céim éagsúil. Déantar iarracht sa deoise timpeallacht a chruthú ina bhfuil fáilte roimh gach duine atá ar thóir ionraic ar Chríost. Chuige sin, déantar iarracht bheith friothálach orthu siúd atá scartha nó atá colscaradh faighte acu, a aithin iad féin mar LGBTQ+ nó a bhraitheann scoite ón Eaglais i slí ar bith.

## Accord

Is eagraíocht chaitliceach í Accord go dtugann Comhdháil Easpaig Chaitliceach na hÉireann aitheantas dí. In Accord, cuirtear cúrsaí ullmhúcháin do phósadh ar fáil do lánúineacha atá geallta, freisin cuirtear comhairleoireacht do phósadh agus do chaidreamh ar fáil. Chomh maith le sin, cuirtear cláir oideachais do chaidreamh agus do chúrsaí ghnéis ar fáil do scoileanna agus do chúrsaí folláine agus do thorthúlacht mar aon le hacmhainní do lánúineacha pósta.

## Ionad Mhéala do Pháistí

Bhunaigh an tSiúr Helen Culhane an tIonad Mhéala do Pháistí. Cuirtear comhairleoireacht agus cúnamh ar fáil do pháistí atá ag fulaingt méala; bás tuismitheora, scaradh tuismitheoirí nó colscaradh tuismitheoirí san áireamh.

## Tacaíocht do Theaghlaigh

Cuireann Comhairle Sheirbhísí Sóisialta Luimnigh agus An tSeirbhís Óige Luimnigh araon, tacaíocht ar fáil trí chláir agus trí chomhairleoireacht.

## Tacaíocht do Bheatha an Duine

Is tacadóir í Deoise Luimnigh ar son dínit gach uile dhuine ó ghiniúint go bás nádúrtha. Tá roinnt acmhainne ar fáil dóibh siúd atá ag dul i ngleic le ginmhilleadh nó go goilleann ginmhilleadh orthu, iad seo a leanas san áireamh: rachelsvineyard.ie, giannacare.ie, archtrust.org.uk.

"Ní anuas ón bhflaitheas ina gcruth foirfe gan smál a thiteann aon teaghlach. Ní mór dóibh dul i bhfás agus i bhforbairt go leanúnach ina gcumas grá agus ghean dá chéile."

*An Pápa Proinsias, Amoris Laetitia, 325*

# Ag Siúl le Teaghlaigh agus Iad ag Ceiliúradh na Sacraimintí

Le linn an tsaoil do gach duine agus do gach teaghlach, tá neart amanna suntasacha. Is ócáidí spioradálta iad cuid mhaith dóibh sin agus tá dlúthcheangal eatarthu agus an Eaglais agus a cuid ministrí.

## An Baiste

Cuireann an Deoise ranganna ullmhúcháin do Bhaiste ar fáil. Is baill den Easglais iad na páistí tríd an mBaiste.

## An Fhaoistin

Cloistear faoistin go laethúil agus tugtar deis dúinn trócaire Dé gan teorainn a bhrath.

## An Chéad Chomaoineach

Glacann an páiste leis\lei a C(h)éad Chomaoineach Naofa don chéad uair. Cuireann sé/sí fíor-aitheantas ar Íosa tríd an Eocairist. Lá iontach don teaghlach!

## An Cóineartú

Cóineartaíonn an Easpag daoine óga agus cuirtear séala an Spioraid Naoimh orthu.

## An Pósadh

Sa phósadh, maireann fir agus mná in aontíos le Críost. Tá siad mar aonta amháin i gCríost.

## An tOirniú

Gairtear chun na sagartachta roinnt fear. Cuireann an Eaglais fáilte rompu agus cuireann sí oirniú orthu chun freastal ar dhaoine eile le linn a saol.

## Cúram na nEaslán

Agus sinn ag dul in aois, go minic éireoimid lag, spíonta. Tugann Ola na nEaslán neart colainne agus anama dúinn. Is minic a iarrann daoine aonair comhairle nó paidreacha ón gcléir.

## An Bás

Nuair a fhaigheann duine bás sa pharóiste, bíonn muintearas agus comhbhrón le fáil dá ghaolta ó phobal an pharóiste roimh agus i dhiaidh cheiliúradh Aifrinn na marbh.




# An Teaghlach: An Eaglais sa Bhaile

“Bíonn saol na Tríonóide le frithchaitheamh ar thalamh ag an gclann daonna. Is í foinse shainiúil shaol an teaghlaigh ina iomlán a theastaigh ó Íosa a chur in iúl ná triúr Pearsa le grá agus gean dá chéile, An tAthair, An Mac agus An Spiorad Naomh i gcomhpháirt sa saol seo linn.” – An tEaspag Breandán Ó Laochra

# Modhanna nua de Cheannaireacht Thréadach

*Sa mhír seo:*

*Ag Pleanáil don Todhchaí*

*Cléir na Deoise*

*Aonaid Thréadacha*

*Airgeadas an Pharóiste*

*Cumhdach, Seiceáil, agus Cosaint Sonraí*

*Ionad Deoise Luimnigh*

# Ag Pleanáil don Todhchaí

In 2018, ag leanúint ar Shionad Luimnigh 2016, mar chuid de phleanáil na todhchaí agus le líon na cléire laghdaithe, thug an Deoise modhanna nua de cheannaireacht isteach, struchtúir na nAonad Tréadach san áireamh. Sna haonaid seo, cónasctar paróistí ionas go gcothaítear comhoibriú trasphobail agus comhroinnt acmhainní riaracháin acmhainní tréadacha eatarthu.Ina dteannta sin, cuirtear múnla ministreachta maidir le foirne de cheannaireacht ar aghaidh san aonad tréadach. Dá bharr sin, beifear ag súil le comhoibriú níos treise idir na tuataí agus na sagairt.

## De réir na n-uimhreacha

**16** Aonad Tréadacha

**114** ball i gComhairle na nAonad Tréadach

**21** Duine a chríochnaigh an Clár um Mhinistreacht Thréadach Thuata i 2023

Glacann an Deoise go bhfuil na modhanna nua mar dhearbhú ar bhaisteadh roinnte de gach ball san Eaglais – sagairt, reiligiúnaigh agus tuataí – agus fonn ar an Deoise go mbeidh buanna de gach duine san áireamh ag cur le seirbhís chomhoibritheach thorthúil an tsoiscéil. *(Plean Tréadach Deoise Luimnigh, 25)*

Forbraíodh an Clár um Mhinistreacht Tréadach Tuata i gcomhar le Coláiste Mhuire gan Smál chun oiliúint agus foirmiú a chur ar thuataí ionas go mbeadh siad réidh páirt níos suntasaí a ghlacadh sa mhinistreacht. Chríochnaigh 21 duine an clár dhá bhliain le déanaí agus tá siad i mbun a gcuid oibre ar fud fad na Deoise.

Choimisiúnaigh an Deoise grúpa oibre agus chuir siad forléargas ar aghaidh ar Ról na mBan maidir le Ceannaireacht na hEaglaise i Meán Fómhair 2020.



# Cléir na Deoise

Freastalaíonn sagairt na Deoise mar bhunchloch teagmhála fós do mhorán: Is iad an pearsanú ionchollaithe Chríost agus bíonn siad fáilteach oscailte dóibh siúd a lorg. Déanann siad iarracht daoine a thabhairt isteach sa phobal ionas go mbrathfaidís mar chuid de. Níos tábhachtaí fós, beireann siad na sacraimintí chugainn.

Mar chúiteamh ar a seirbhísí sagartúla, déanann an Deoise iarracht cúram a chur orthu le linn a saol, agus ar scor dóibh. Cuirtear cúnamh ar fáil dóibh ar scor ón gCiste um Charthanacht na Cléire. Chomh maith le sin, fostaítear banaltra sa deoise chun cúram a chur ar shagairt in aois nó in easláin.

## De réir na n-uimhreacha

*(ón 1 Iúil amach)*

**88** sagart sa deoise

**47** sagart sa deoise faoi 75 i mbun ministreachta gníomhaí

**41** sagart sa deoise thar 75 ar scor nó ar scor go luath faoi bhun 75 de bharr drochshláinte

**26** sagart deoise a chuireann cúram tréadach ar fáil fós

**72** meánaois na sagart

**9** sagart eachtrannacha

**60** paróiste

**1 : 3,198**
cóimheas idir sagairt agus caitlicigh baiste (slánaithe síos)

"Gabhaim buíochas do Dhia go raibh an seans agam freastal i nDeoise Luimnigh i gcomphháirt na sagart agus an phobail agus lena ngrá agus a bpaidreacha, tá fiúntas sa saol don Tiarna."
*An tAthair John O Shea*









# *In Persona Christi*

*I bpearsana Chríost – is mian le sagairt Dheoise Luimnigh, lena saothair agus leis na sacraimintí, Críost a bheith i gcroithe na bhfíréan. Tá buanna ar leith i ngach sagart ach saothraíonn siad go léir chun an sprioc céanna a bhaint amach.*

# Na hAonaid Thréadaigh

De thoradh Shionaid na Deoise i 2016, grúpáladh na paróistí isteach in aonaid thréadacha. Cuireann na grúpaí seo le comhoibriú riarthach agus tréadach ag tabhairt inniúlacht sna haonaid deiseanna a thapú nach mbeadh paróistí ar a gcumas a dhéanamh ina n-aonair.

Tá 16 Aonad Thréadacha ann anois agus tá idir 2 agus 5 Pharóiste i ngach aonad. Cé go bhfuil paróistí aonaracha fós ann tá nasc ag gach paróiste le paróistí eile.

Ar theacht na nAonad Thréadach tháinig forbairt ar Mhodh um Mhinistreacht Foirne. Ag baint úsáide scileanna na cléire i dteannta scileanna na dtuataí, is aidhm an mhodha go mbeidh bealaí ceannaireachta níos éifeachtaí agus níos cruthaithí.

## De réir na n-uimhreacha

**16** Aonad Théadacha

**60** Paróiste

**150,327** Caitliceach Bhaiste

"Is é teaghlach na dteaghlach an tAonad Tréadach – Is taitneamhach fionnuar bheith i dteagmháil le daoine lán de chreideamh lasmuigh do do pharóiste féin."

*An tAthair Mike Cussen*






# Learscáil agus Teorainn

Léirítear sa léarscáil um Aonaid Thréadacha na Deoise.

***1.Aonad Tréadach na hArdeaglaise***
*Paróiste Eoin, Móin an Lín, Paróiste Phádraig/Paróiste Bhríde, Paróiste Mhichíl, Paróiste Mhuire Máthair Chabhair do Chríostaithe*
***2.Aonad Tréadach Chroí Clann Naofa***
*Paróiste Iósaif, Paróiste an tSlánaitheora, Paróiste, Paróiste Mhuire Mháthair Lourdes*
***3.Aonad Tréadach Shlí Pádraig***
*Domhnach Mór/Cnoc Aodha/Baile an Róistigh, Paróiste Mhuire Mháthair Bhanríon na Síochána, Paróiste an Teaghlaigh Naofa*
***4.Aonad Tréadach Thuamhan***
*Paróiste Mhainchín/Liaile, Corpus Christi, An Páirtín/Milic, Paróiste Mhuire, Paróiste San Nioclóis*
***5.Aonad Tréadach Chill Ruis***
*Paróiste Chríost An Rí, An Chreatlach/Droichead Abhann Ó gCearnaigh, Paróiste na Corónach Muire*
***6.Aonad Tréadach Phobal Neasáin***
*Tobar Phádraig/Baile an Bhrúnaigh, Mungairit/an Ráithín/Craobh Chomhartha, Paróiste Phóil, Cill Díoma/Pailís Chaonraí*
***7.Aonad Tréadach na Máighe***
*An Bhanóg, Cromadh, An Dromainn/An tÁth Leacach, Feadamair, An Brú/Méanas/An Ghráinseach*
***8.Aonad Tréadach Choill an Chalaidh***
*Cnoc na Carraige/Brú Rí, Baile an Chaisleáin/Béal Átha Grean/Cluain Comhartha*
***9.Aonad Tréadach Bhealach Eabhra***
*Ard Pádraig, An Gleann Rua/Baile Uí Argáin, Cill Fhíonnáin, Builgidín/Baile Mháirtín, Eifinn/Garraí na Déirce, Cill Mocheallóg*
***10.Aonad Tréadach 10***
*Rath Caola, Baile an Gharraí/Greanach, Cnoc an Doire/Cluain Cath*
***11.Aonad Tréadach 11***
*11(a) Cróch/Cill na Fíonaí, Áth Dara, An Cheapach*
*11(b)Cill Churnáin, Eas Géitine/Baile Stiabhna*
***13.Aonad Tréadach Shionainne Thiar***
*Seanghualann/Baile Riobaird/Faing, Leamhchoill/Baile Dhá Thuile, An Gleann, Cúil Cheapach/Cill Cholmáin*
***14.Aonad Tréadach 14***
*Mainistir na Féile, Áth an tSléibhe, Teampall an Ghleanntáin, Tuar na Fola/Cnoc Uí Choileáin*
***15.Aonad Tréadach 15***
*An Caisleán Nua Thiar, Maigh Thamhnach/An Fheothanach/Chaisleáin Maí Tamhnach, Móin Achaidh Ghae, Ardach/Carraig Chiarraí*
***16.Aonad Tréadach Íde***
*Drom Collachair/Béal an Átha, Cill Íde/Áth na bhFuinseog, Fíonach/Cill Míde*

# Cumhdach agus Seiceáil

Is aidhm ag an nDeoise timpeallachtaí sábháilte a chruthú agus a choimeád do pháistí agus do aosaigh shoghonta laistigh de shaol na hEaglaise.
Sa Seirbhís an Ghrinnfhiosrúcháin, cuirtear oiliúint agus tacaíocht ar fáil do dhaoine tuata sna paróistí agus sa Seirbhísí Cumhdacha, cuirtear oiliúint agus tacaíocht ar ionadaithe paróistí i 60 paróiste. Chomh maith le sin, cuireann Oifigí Cumhdacha agus Sheiceáil na Deoise treoracha ar mheasúnú riosca agus ar dhea-chleachtais. Cuirtear ar taispeáint i ngach séipéal iad seo a leanas dírithe ar iarrachtaí cosanta; nuachtlitreacha, acmhainní, litreacha, bileoga, agus póstaeir.

## De réir na n-uimhreacha

**1000+** Níos mó ná 1000 duine ar a dhéantar grinnfhiosrúchán orthu gach bliain

**28** Sínitheoir ainmnithe do ghrinnfhiosrúcháin

**100** Ionadaí cosanta thar 16 Aonad Thréadacha

**3** Oiliúnóir cosanta

**270** D'fhreastail 270 duine ar oiliúint i 2022

# Cosaint Sonraí

Déanann Deoise Luimnigh teagmháil le líon mór daoine i mbun a misean. San áireamh tá an chléir, na fostaithe, na hoibrithe deonacha agus na daoine eile a úsáideann seirbhísí na Deoise.

Tá an Deoise tiomanta a chinntiú go bhfuil bainistiú ceart agus sábháil déanta ar shonraí pearsanta atá aici de réir oibleagáidí an dlí chanónta, chomh maith le dualgais na príobháide i gcoitinne agus rialacháin an dlí shibhialta.

## An raibh a fhios agat?

Tugann an Oifigeach de chuid Chosaint Sonraí na Deoise tacaíocht agus eolas do pharóistí agus do dhaoine aonair maidir le:

- iarratais faisnéise i leith shonraí a úsáideann an Deoise
- Cláir Shacraimintiúla
- sruthú beo an Aifrínn agus deasghnátha eile
- coinneáil sonraí agus fad a gcoinnítear sonraí
- bearta sábháilte a úsáidtear a chinntiú go bhfuil na sonraí slán

# Ionad Deoiseach Luimnigh

Tá an tIonad Deoiseach Luimnigh lonnaithe i gColáiste Mhainichín arbh é sciathán na sagart tráth. Tugann an fhoireann tacaíocht do gach scoil agus paróiste sa Deoise agus éascaíonn siad réimse clár agus gníomhaíochtaí do daoine óga agus ar ábhair thréadacha leis.

Tacaíonn an fhoireann leis na paróistí, na scoileanna, an chléir agus na tuataí creidmheacha i réimsí áirithe, mar shampla:

## De réir na n-uimhreacha

**14** Bhall Foirne lánaimsireatha

**8** Bhall Foirne páirtaimsireatha

**504** scoil ar fud ceithre dheoise ag fáil seirbhíse ó Ionad Sheanáin

**346** paróiste ar fud Chúige Chaiseal Mumhan ag fáil seirbhíse ón OCS

Seansailéireacht, airgeadas agus riarachán, cumhdach, seiceáil, aircíví agus  comhairleoirí na deoise. Is iad na tionscnaimh agus cláir um fhoirmiú creidimh agus tacaíochta do daoine óga agus do dhaoine ar feadh an tsaoil ar fad chomh maith le buneiliimintí seirbhísí do pharóistí.

Tá an Oifig Oideachais de Naomh Seanán ag freastal ar Cheithre Dheoise agus cuireann siad siúd comhairle ar na pátrúin (na hEaspaig) agus ar Bhoird Bainistíochta na scoileanna ar son an phátrúin ábhartha.

Tá an Oifigeach Cosanta Sonraí (OCS), freagrach as na seacht dheoise i gCúige Chaiseal Mumhan, lonnaithe san Ionad freisin.



"Is pribhléid mhór dúinn freastal ar an méid sin daoine atá tiomanta, tuataí agus oirnigh, sa taipéis ilchasta seo mar atá i nDeoise Luimnigh."

*Catherine Kelly, Catherine Kelly, Runaí na Deoise/Bainisteoir Ginearálta*

# Liotúirge, Spioradáltacht agus Beatha

*Sa mhír seo*

*Oibrithe deonacha agus Seirbhís don Eaglais*

*Spioradáltacht agus Acmhainní Beatha*

*Gluaiseachtaí agus Pobail*

# Oibrithe deonacha agus Seirbhís don Eaglais

Tá réimse leathan de ghrúpaí urnaithe, d'acmhainní, agus de chumainn ar fáil do na creidmhigh sa Deoise seo. Lárnach ann, tá an tAifreann agus deiseanna eile teacht ar fhás spioradálta. Déanann oibrithe deonacha cuid mhór den obair i ngach paróiste agus is cuid bunriachtanach í do shaol bríomhar na hEaglaise. Ar fud na deoise, freastalaíonn oibrithe deonacha ar gach aois ghrúpa mar bhaill cór, mar léitheoirí, mar Mhinistrí na hEocairiste agus go leor eile. Freastalaíonn siad ar Bhoird Scoileanna, agus ar Chomhairlí Paróiste agus cuireann siad a gcuid ama, a gcuid buanna agus a gcuid scileanna ar fáil go fonnmhar.

"Tá dlúthnasc idir an saol agus an liotúirge. Déantar tagairt san Eaglais ar bheith i láthair ag an Aifreann ag glacadh páirt go comhfhiosach, go gníomhach agus go hiomlán" (Plean Tréadach Dheoise Luimnigh, 19). Cuirtear cuireadh roimh na creidmhigh dlúthpháirt a ghlacadh san Aifreann agus ina spioradáltacht féin, an dá chuid i gcroílár ár gcreidimh Chaitligh.

## De réir na n-uimhreacha

**2,547** oibrithe deonach measta ag obair ar fud Dheoise Luimnigh

**69** cór

**100** sacraisteoir

**200** duine ag freastal dhá uair sa mhí ar líne ag cruinniú urnaí an Athar Críos Ó Domhnaill

**107** cúrsa spioradálta measta ar siúl sna meánscoileanna gach bliain

"Is tabhartas agus seirbhís araon atá sa mhinistreacht ceoil. Is tabhartas é a dtugtar dúinn agus is seirbhís í a thugaimid ar ais, rud a bheirimid níos cóngaraí dá chéile agus níos cóngaraí do Dhia."
*Bernadette Kiely*



# Spioradáltacht agus Acmhainní Beatha

Is mian le Deoise Luimnigh deiseanna agus acmhainní éagsúla a chur ar fáil do na creidmhigh scagadh níos doimhne a dhéanamh ar a gcreideamh. Tá siadsan agus neart acmhainní eile ar fáil ar shuíomh gréasáin na Deoise.

## Litreacha Tréadacha agus Leabhráin

Scríobhann an tEaspag Ó Laocha litreacha tréadacha agus leabhráin ar thopaicí ábhartha ó ham go chéile ar leas na gcreidmheach agus cuirtear ar líne agus i gcló iad.

## Urnaí Phoiblí agus Phríobháideach

Spreagtar Ionaid Thréadacha agus Paróistí slite a chur ar fáil d'fhonn borradh agus fás an chreidimh. San áireamh, tá grúpaí *Lectio Divina*, staidéar an Bhíobla, grúpaí na Corónach Muire, chomh maith le grúpaí tacaíochta ar éagsúlacht riachtanas.

## Nóibhéine an tSlánaitheora

I mí an Mheithimh gach bliain, bíonn Nóibhéine do Mhuire Mháthair an Chúnaimh Shíoraí ar siúl ag Séipéal an tSlánaitheora agus glacann na mílte páirt ann.

## Cúrsaí Spioradálta

Tá roinnt cúrsaí spioradálta curtha ar fáil sa Deoise ar ábhair dhifriúla agus i stileanna éagsúla. Déanann an Deoise óstáil agus tacaíocht ar neart deiseanna de chúrsaí spioradálta do na creidmhigh.

## Treorú Spioradálta agus Treoracha Urnaithe

An príomhaidhm a bhaineann le treorú spioradálta ná cabhair a thabhairt do dhaoine teacht ar a mbunmhianta féin agus guth caoin Dé a chloisteáil ina gcroí istigh. Cuireann an Deoise eolas ar fáil ar threoraí spioradálta áitiúla.



# Gluaiseachtaí agus Pobail

Is mian leis an nDeoise grúpaí agus eagraíochtaí éagsúla a chur ar fáil do na creidmhigh agus tacaíocht a thabhairt dóibh

## An Eaglais Theaghlaigh

Gluaiseacht thuata do lánúineacha pósta atá san Eaglais Theaghlaigh. Cuirtear fócas in Eaglais Theaghlaigh ar phobal i ngrúpaí beaga a chur ar fáil maidir le foirmiú creidimh.

## Pobal Emmanuel

Is pobal tuata caitliceach idirnáisiúnta é Pobal Emmanuel a dhíríonn ar adhradh, atrua, agus soiscéalaíocht chun grá Dé a scaipeadh.

## An Léigiún Mhuire

Is eagraíocht tuata caitliceach í an Léigiún Mhuire ina gcuireann a mbaill meas ar a nEaglais agus ar a gcomharsana trí chuairteanna agus trí sheirbhís.

## Ministreacht Urnaithe Maranatha

Cuireann Maranatha cruinniú urnaithe seachtainiúil ar fáil ina bhfuil plé scrioptúrtha agus moladh agus adhradh. Bíonn seirbhísí leighis ar fáil ann freisin.

## Slí Nuachaiticiúmanach

Is ionstraim ar Shoiscéalaíocht Nua é an tSlí Nuachaiticiúmanach chun a thabhairt chun cinn croílár na Críostaíochta. D'aiséirigh Íosa Críost ón mbás ionas gur féidir linn bheith saor ó dhaorsmacht an pheaca agus go mbeimid in ann tabhartas na beatha síoraí a bhaint amach. Tá an tSlí Nuachaiticiúmanach i láthair i 900 deoise agus tá sé anseo ó 2014 ar aghaidh.

## Deasghnáth Syro-Malabar

Is traidisiún caitliceach ón Ind ó thus é an Pobal Deasghnáth Syro-Malabar atá i láthair i nDeoise Luimnigh.



# Daoine Óga

*Sa mhír seo:*

*Is Mian le Críost Tú a Bheith Beo!*

*Cláir do Dhaoine Óga*

*Grúpaí do Dhaoine Óga*

*Gairmeacha chun*

*an tSaoil Reiligiúnaigh*

# Is Mian le Críost Tú a Bheith Beo!

Tá daoine óga lárnach do chroí na hEaglaise. Is é dóchas na nDeoise "a chinntiú go mbraitheann daoine óga i gcomhpháirt agus gníomhach mar chuid d'Eaglais ó ghlúin go glúin ...." (Plean Tréadach Dheoise Luimnigh, 17) Déanann sí a dícheall forbairt spioradálta do ógánaigh agus aosaigh óga a sholáthair trí chláir, imeachtaí agus trí chúrsaí spioradálta éagsúla. Reáchtáiltear formhór na n-imeachtaí trí Mhuintearas Íosa, an Grúpa Deoiseach na nÓg atá ag feidhmiú ar feadh breis agus 45 bliain. Tá Muintearas Íosa dírithe ar na 3 lasair: Fáilte, Foghlaim, agus Guí. Go minic, fanann iarbhaill de Mhuintearas Íosa gníomhach agus iad ina aosaigh óga agus iad níos aosta fós.

## De réir na n-uimhreacha

**50%** de dhaonra Luimnigh níos óige na 35 bliain d'aois

**14** Imeacht do ógánaigh a reáchtáladh i 2022 faoi stiúir na deoise.

**263** duine óg ag glacadh páirt sa 5 phríomhchláir i 2023

**100** duine óg a d'fhreastail ar an nOilithreacht Óige go Lourdes

"Tá Críost Beo! Is É ár ndóchas, agus i mbealach iontach beireann Sé an óige chuig ár saol agus éiríonn chuile rud a déanann sé teagmháil leis óg agus úr agus lán de bheocht. Mar sin, is iad seo na céad focal riamh, ba mhaith liom a rá le gach Críostaí óg: Tá Críost beo agus is mian leis tú a bheith beo!"

An Pápa Proinsias, *Christus Vivit*,1





# Creideamh agus Cairdeas

Is éard atá i Ministreacht na hÓige ná “eispéiris a chur ar fáil do dhaoine óga ina gcothaítear fás ina gcreideamh agus sa chairdeas agus ina neartaítear a mothúcháin i bpáirt agus sa phobail, agus ina ardaítear a gcumas diongbháilteachta agus áthais”. - An tAthair Críos Ó Domhnaill





# Cláir do Dhaoine Óga

Tá fonn ar an Deoise deiseanna éagsúla a chur ar fáil do dhaoine óga sa mheánscoil agus ar aghaidh tríd an aos óge.

## Anois

Is clár ceannasaíochta cónaithe do mhic léinn é an Clár Ceannasaíochta Anois a chuirtear ar fáil do mhic léinn na h-idirbhliana.

## Brú na Gráige

An aidhm iomlán a bhaineann leis an mBrú ná go mbeadh deiseanna ag daoine óga pobail, cairdeas, creideamh agus craic a bhlaiseadh. Cuirtear lena bhfoirmiú agus foghlaimíonn siad níos mó fúthu féin, a gcultúir agus a n-oidhreacht agus bhféidir na 'cúpla focal' chomh maith!

## Oilithreacht na nÓg go Lourdes



Tugann an Deoise suas le 100 Duine Óg go Lourdes go bliantúil. Tugtar dóibh eispéiris nua ar an saol, deis a gcreideamh a fhás agus cabhair a thabhairt do oilithrigh faoi míchumas.

## Gradam Phápa Eoin Pól II

Is gaisce creidimh atá le haithint sa Ghradam JPII do dhaoine óga idir 16 agus 18 mblian. Tá sé dírithe ar slite phraiticiúla iad a súnn isteach ina phobail agus a pharóiste áitiúil.

## Lá Domhanda na nÓg



Is tionól domhanda de dhaoine óga d'fhonn iad a bheith mar dhlúthchuid an phobail agus an pharóiste  agus Críost ina lár. Bailíonn na milliún duine óg chun bualadh lena chéile agus leis an bPápa. Is eachtra é rishuntasach i saol na n-óg.






# Brú na Gráige

Gach samhradh, tugann an Deoise daoine óga ar thuras cónaithe go Brú na Gráige i gCorca Dhuibhne. Lán de spraoi, muintearas agus creideamh, is é aidhm an chláir ná na daoine óga a chur ar a gcompord i dteannta a chéile agus ar a gcompord le Dia.

# Grúpaí do Dhaoine Óga

Tá an t-ádh leis an nDeoise go bhfuil neart paróistí agus grúpaí ag tabhairt tacaíochta do dhaoine óga. San áireamh thíos, tá

## Muintearas Íosa

Díríonn an grúpa óg na deoise ar an tábhacht a bhaineann le bheith ag aistear le daoine óga. Is iad 'Fáilte', 'Foghlaim' agus 'Guí' croílár a n-imeachtaí.

## Na Siúracha Doiminiceacha de Naomh Síle

Reáchtálann na siúracha cláir, comhdhálacha agus imeachtaí do gach aois ghrúpa ar bhealaí cruthaitheacha chomh maith le grúpaí ar leith do dhaoine óga agus páistí.

## Bráithre Proinsiasacha na hAthnuachana

Reáchtálann na bráithre cúrsaí spioradálta, cruinnithe urnaí, clubanna óige do dhaoine óga agus do pháistí ar fud Luimnigh. Tá na bráithre lonnaithe i Maigh Rois.

## Óige 2000

Is eagraíocht chaitliceach na n-óg í Óige 2000 atá ag feidhmiú fud fad na hÉireann. Bailíonn an bhallraíocht Luimnigh le chéile go seachtainiúil i gcomhair chruinniú urnaí agus uair shóisialta

## Comhairle Óige in Éas Géitine

In Éas Géitine, bunaíodh an Chomhairle Thréadach Shóisearach na nÓg i 2013. Is fóram í do dhaoine óga a dtuairimí a chur in iúl maidir le saol an pharóiste. Is í an t-aon ghrúpa amháin dá leithéid i Luimneach.






# Imeachtaí d’Aosaigh Óga

Agus imeachtaí éagsúla d’aosaigh Óga á chur ar fáil, tá dóchas ag an ndeoise go meallfar chuig an Eaglais glúin nua ionas go mbeidh a gcomhpháirt níos iomláine i saol na hEaglaise, bídís aonaraigh, pósta, oirnithe nó reiligiún gairmiúla.





# Gairmeacha Beatha

Cuireann Deoise Luimnigh acmhainní agus treoracha ar fáil do dhaoine óga agus iad ag taiscéaladh a ngairm bheatha cibé gairm chun na sagartachta, chun saoil reiligiúnaigh, nó chun pósadh.

Reáchtálann Oifig na Gairme Beatha grúpa grinnis do fhir óga ar mhian leo saol an tsagairt. Déanann sí urraíocht ar imeachtaí freisin ina mbailítear daoine óga le chéile ar suim leo sa chreideamh agus sa phobal.

Bíonn spéis ar leith ar *Dhiagacht-ar-Láimh(Theology on Tap),* á reáchtáil go míosúil ag Oifig na Gairme Beatha do mhic léinn an tríú leibhéal, do dhaoine fásta agus do dhaoine eile i dtábhairne áitiúil. Bíonn cainteoir caitliceach i láthair ag gach seisiún.

## De réir na n-uimhreacha

**25** aosach óg ar siúlóidí gairme

**6** imeacht *Dhiagacht-ar-Láimh* in aghaidh na bliana

**25** an méid daoine a fhreastalaíonn ar *Dhiagacht-ar-Láimh*

**1** ábhar sagairt ar son na Deoise

# Tim Collins



*Paróiste Dúchais: Cróch/Cill na Fíonaí*
*Breith Lá: 25 Meitheamh 1989*
*Léann: Bliain Thréadach (Fíoraíocht a Ceathair)*
*An naomh is ansa liom: San Proinsias Assisi*
*An mhilseog is fearr liom: Pióg mheireang líomóide*
*An spóirt is fearr liom: Iomáint*
*An leabhar is ansa liom: A Severe Mercy ag Sheldon Vanauken*
*An caitheamh aimsire is fearr liom: rothaíocht*

### Scéal mo Ghairm Bheatha

Dúirt an Pápa Proinsias, agus é ag caint uair amháin maidir le gairmeacha beatha (chun na sagartachta, chun saol reiligiúnach, chun phósadh), "ní de thoradh pleanála atá sa ghairm bheatha ach teagmháil le Dia a athraíonn do shaol". Tháinig an dúil ormsa bheith i mo shagart as teagmháil mar sin agus mé ag staidéar san ollscoil. Agus mé ag cothú caidrimh le Dia, tháinig an glao chugam chuig ministreacht shagartúil. Is eachtraíocht iontach atá i m'aistear go dtí seo.

### Comhairle D'fear atá ag Smaoineamh ar Dhul i Dtreo na Sagartachta

Imigh i bhfiontar le Críost. Bí muiníneach go bhfuil plean ag Dia in ann duit, lean ort le do chroí ar oscailt agus glac le comhairle an Spioraid Naoimh.

# Deoise Luimnigh Ar Scarfhéachaint Staitisticí agus Cúrsaí Airgid

*Sa mhír seo:*

*Staitisticí & Cúrsaí Airgid*

*Tinreamh Aifrinn ar an Meán*

*Forléargas agus Dearcadh na Cléire*

*An raibh a fhios agat?*

*Teagmhálaithe Deoiseacha*

# Staitisticí & Cúrsaí Airgid

Tá achoimre gearr trí fhíricí agus fhigiúirí sna leathanaigh seo. Curtha san áireamh iontu, tá forléargas airgeadais gairid chun cabhrú le tuiscint ar na costais atá riachtanach saothar na Deoise a chur i bhfeidhm.

Cuireann an Deoise agus a foireann réimse seirbhísí agus tacaíochtaí ar fáil do pharóistí agus eagraíochtaí. San áireamh iontu siúd, tá: tacaíocht do chléir, seirbhísí airgeadais do pharóistí, cúnamh árachais agus réadmhaoine, tacaíocht séiplíneachta agus oird rialta, tacaíocht do dheonacháin carthanach, do chúrsaí oiliúna, do chláir agus tuilleadh.

Chun fritháireamh ar chostais ghaolmhara thuasluaite a dhéanamh, gineann an Deoise ioncam, an chuid is mó, ón tobhach deoiseach, ó ioncam cíosa, ó chláir agus ó infheistiú a bunaíodh nuair a díoladh Teach na Cille Maoile, Teach an Easpaig, in 2008.

## Léargas Airgeadais na Deoise *(ón 1 Iúil amach)*

**€882,450** ioncam iomlán bliantúil (Bailiúchán Riachtanais na Deoise san áireamh)

**€1,917,332** costas iomlán bliantúla

---

**-€1,034,882** fritháireamh déanta ina chuid ag infheistíocht dheoiseach

## Ag Déileáil leis an Easnamh


Is léir ó na figiúirí go bhfuil dúshlán maoinithe ag an nDeoise. Tá Coiste Airgeadais ag an nDeoise a chuireann comhairle ar aghaidh ar infheistíocht, ar mhaoiniú agus ar ionaid réadmhaoine.


Is iad na bailiúcháin eaglaise agus tabhartais amháin a íocann costais cothabhála agus deisiúcháin maidir le foirgnimh na heaglaise.

# Airgeadas na bParóistí

## Bailiúchán na nOfrálacha

Is bailiúchán ofrála an Domhnaigh é an slí traidisiúnta cistí a bhailiú ar son an pharóiste. Léiríonn sa chairt seo bailiúchán ofrála gach pharóiste ó 2010 - 2022. Tá meath 37% tagtha ar na bailiúcháin ó 2010
Tá meath 37% tagtha ar na bailiúcháin ó 2010.




## Stipinn Bhliantúil an tSagairt

Faigheann sagairt atá ag fónamh sna 60 paróiste ollioncam bunúsach ó na ceithre bhailiúchán a eagraítear i rith na bliana chun tacú leis an gcléir.

In 2023 socraíodh bun-ollioncam sagairt sa deoise ag €30,000. Tá breis tairiscintí ar fáil as ceiliúradh na sacraimintí agus deontais Aifrinn. Ní hionann cúrsaí airgid i ngach paróiste.

Sa chás nach bhfaigheann sagart an bunioncam, cuidítear leis an mbunioncam a bhaint amach trí thacaíocht óna chomhchléir a fhaigheann an bunioncam agus breis ina bparóistí.

# Airgeadas na bParóistí

Tá neart oibre ag baint le paróiste a reáchtáil: cothabháil fhisiciúil, tiomsú airgid agus bailiúcháin, sacraimintí agus saol an pharóiste, tacaíocht cléire, sceidealú agus ag freastal ar Aifreann agus ar searmanais eile, agus go leor eile! San áireamh anseo agus mar chabhair, tá fíorstaitisticí agus fíorshonraí airgeadais chun costais reáchtála an pharóiste a mheas. Cé go bhfuil difríochtaí idir gach paróiste agus foinsí ioncaim agus costais éagsúla ag gach ceann acu, tugann siad siúd thíos spléachadh ar na costais san áireamh.

## Paróiste Mór Uirbeach | 4,310 Caitliceach

Tá an paróiste seo i gCathair Luimnigh atá caighdeánach go leor maidir le hioncam agus costas.

**€87,980** bailiúchán ofrála

**€177,390** ollioncam (an bailiúchán ofrála san áireamh)

**€150,801** costais (fóntais, cothabháil, tobhach deoiseach , arachás, araile)

Farasbarr an Bhuiséid: **€26,589**

## Paróiste Meánach Uirbeach | 3,250 Caitliceach

Tá an paróiste seo i gCathair Luimnigh agus caighdeánach go leor maidir le hioncam agus costas.

**€52,740** bailiúchán ofrála

**€105,145** ollioncam (an bailiúchán ofrála san áireamh)

**€138,439** costais (fóntais, cothabháil, tobhach deoiseach , arachás, araile)

Easnamh an Bhuiséid: **-€33,294**



# Airgeadas na bParóistí

## Paróiste Mór Tuaithe | 2,507 Caitliceach

Tá an paróiste seo i gContae Luimnigh agus chomh maith le gnáth ioncaim agus costais, is ionad bainise ar mhóréilimh é.

**€80.408** bailiúchán ofrála

**€213,705** ollioncam (an bailiúchán ofrála san áireamh)

**€200,448** costais (fóntais, cothabháil, tobhach deoiseach , arachás, araile)

Farasbarr an Bhuiséid: **€13,257**

## Paróiste Beag Tuaithe | 905 Caitliceach

Tá an paróiste seo i gContae Luimnigh agus caighdeánach go leor maidir le hioncam agus costas.

**€38,841** bailiúchán ofrála

**€67,072** ollioncam (an bailiúchán ofrála san áireamh)

**€69,505** costais (fóntais, cothabháil, an tobhach deoiseach , árachas, araile)

Easnamh an Bhuiséid: **-€2,433**

## An raibh a fhios agat?

Tá slite difriúla ag gach paróiste maidir le hairgead a bhailiú. San áireamh tá na gnáthbhailiúcháin, na hofrála, na bailiúcháin cléire, na modhanna tabhartas ar líne, na cistí scrínte, na haisíocaíochtaí cánach, na tabhartais, na bainiseacha agus na crannchuir, araile. Ní hionann na modhanna bailiúcháin ó pharóiste go paróiste ach is é an bailiúchán ofrála an modh traidisiúnta. De réir a chéile, bíonn modhanna bailiúcháin nua ar fáil chun tacaíocht airgeadais a chur ar aghaidh chuig na paróistí - buanorduithe, tabhartais ar líne, síntiúis chóid QR agus tapáil. Mar an gceanna, tá costais difriúla ag gach paróiste ach tá siad níos caighdeánaí áfach. San áireamh iontu, tá fóntais, cothabháil, deisithe, an tobhach deoiseach, costais cléire, árachas, riarachán, araile. Tá éagsúlacht shuntasach ar chúrsaí airgeadais ó pharóiste go paróiste agus scéal ar leith ag gach ceann acu, fós féin, tugann an t-eolas thuasluaite léargas duit ar an méid oibre a bhaineann le feidhmiú do pharóiste.

# Tinreamh Aifrinn ar an Meán

Ríomhadh na figiúirí as cuntais a rinneadh thar trí dheireadh seachtaine i mí an Mharta 2023. Is an tinreamh iomláin ar an meán sa pharóiste in aghaidh an deireadh seachtaine atá i gceist. Aithnítear nach bhfreastalaíonn roinnt daoine ar Aifreann ach cúpla uair sa mhí ar chúis amháin nó cúis eile. Mar sin, is gá é sin a thabhairt san áireamh agus na figiúirí á gcíoradh.

**Aonad Tréadach 1** 116
Paróiste Mhichíl 256
Paróiste Mhichíl (Polainnis) 563
Paróiste Muire Máthair
Chabhair do Chríostaithe 285
Móin an Lín 768
Ardeaglais Eoin 8
Paróiste Phádraig 1
Paróiste Bhríde

**Aonad Tréadach 2**
Paróiste an tSlánaitheora 134
Paróiste Iósaif 302
Paróiste Mhuire Mháthair Lourdes 166

**Aonad Tréadach 3** 80
Paróiste an Teaghlaigh Naofa 205
Paróiste Mhuire Mháthair
Bhanríon na Síochána 12
Domhnach Mór 5
Cnoc Aodha
139

**Aonad Tréadach 4**
Paróiste San Nioclás 300
Paróiste Mhuire 363
Paróiste Liaile 174
Paróiste Mhainicín 230
An Páirtín 170
Corpus Christi 113
Milic 81

**Pastoral Unit 5**
Cratloe 148
Sixmilebridge 67
Holy Rosary 518
Christ the King 413

**Aonad Tréadach 6**
Paróiste Phóil 418
Tobar Phádraig 232
Baile an Bhrúnaigh 196
An Ráithín 795
Craobh Chomhartha 87
Mungairit 90
Cill Díoma 144
Pailís Chaonraí 97

**Aonad Tréadach 7**
An Mhainistir 197
Cromadh 150
An Bhanóg 77
An Dromainn 50
An tÁth Leacach 52
An Brú 368
Feadamair An 97
Ghráinseach 48
Méanus 51

**Aonad Tréadach 8**
Cnoc na Carraige 80
Béal Átha Grean 64
Cluain 53
Brú Rí 109

**Aonad Tréadach 9**
Ard Pádraig 71
Cill Fhíonnáin 290
An Gleann Rua 73
Baile Uí Argáin 55
Garraí na Déirce 63
Eifinn 93
Cill Mocheallóg 378
Baile an Ghadaí 42
Builgidín 54
Baile Mháirtín 60

**Aonach Tréadach 11**
Áth Dara 509
Cill na Fíonaí 43
Cróch 96
An Cheapach 119
Eas Géitine 214
Cill Churnáin 119
Baile Stiabhna 70

**Aonad Tréadach 10**
Baile an Gharraí 100
Greanach 128
Rath Caola 517
Cnoc an Doire
Cluain Cath 73

**Aonad Tréadach 13**
Seanghualann/ 259
Baile Riobaird/Faing
Cúil Cheapach/Cill Cholmáin 74
Leamhchoill/Baile Dhá Thuile 124
An Gleann 264

**Aonad Tréadach 15**
Ardach 107
Carraig Chiarraí 53
An Fheothanach 96
Caisleáin Maí 119
Tamhnach
An Caisleáin Nua
Thiar 882
Móin Achaidh Ghae 109

**Aonad Tréadach 14**
Teampall an 190
Ghleanntáin Tuar na 134
Fola 120
Cnoc Uí Choileáin 683
Mainistir na Féile 174
Áth an tSléibhe

**Aonad Tréadach 16**
Drom Collachair 114
Béal an Átha 99
Cill Míde 60
Cill Íde/Áth na 156
bhFuinseog

# Forléargas agus Dearcadh na Cléire

Is minic a dhéantar tagairt ar ghéarchéim cléire agus a tionchar ar an todhchaí. Ach, cad go díreach é agus cén chuma atá ar Dheoise Luimnigh agus ar a cléir?

Agus laghdú seasta ar líon na sagart de bharr aoise agus laghdú gairme, is dúshlán é roimh an nDeoise.

Tá ríméad orainn go bhfuil ábhar sagairt amháin i mbun staidéir agus tá an Deoise ag obair go gníomhach chun níos mó fir óga a spreagadh i dtreo na sagartachta. Iarrann an Easpag ar na caitlicigh uile i nDeoise Luimnigh tacaíocht a thabhairt do na cléir reatha agus guí ar son thuilleadh sagart sa blianta amach romhainn.

## De réir na n-uimreacha

*(ón 1 Iúil amach)*


**88** Sagart deoiseach, 41 os cionn 75 nó ar scor

**47** Sagart Deoiseach faoi bhun 75 ar mhinistreacht ghníomhach

**72** Aois sagairt ar an meán

**1** Ábhar sagairt deoiseach


Táimid an-sásta go bhfuil 9 sagart tagtha chugainn ón gcoigríoch chun freastal ar an bpobal sa Deoise ón Afraic, ón bPolainn agus ón Ind.




*An líon measta de shagairt faoi bhun 75 bliain*

*Is é 75 bliain an aois scoir go hoifigiúil do shagart i nDeoise Luimnigh, mar sin féin leanann morán sagart ag freastal thar aois 75 bliain. Tá réamhaisnéis sa ghraf seo ar líon na sagart faoi bhun 75 (gan iad siúd a théann ar scor go luath de bharr breoiteachta san áireamh) idir 2018 – 2038.*

*Le 50 bliain anuas, tá laghdú suntasach tagtha ar líon na bhfear a oirníodh i gcomhair Dheoise Luimnigh. Anseo tá sampláil de thréimhsí 10 mbliana*



# An raibh a fhios agat?

Go náisiúnta, thit an céatadán daonra a aithníodh mar chaitliceach ó 79% i 2016 go 69% i 2022. Is mór le caitlicigh í nDeoise Luimnigh na teagmhála atá acu le baill eaglaisí eile agus le daoine a bhfuil creideamh traidisiúnta eile acu.

**764** léitheoir ag Aifreann trasna na Deoise

Thart ar **745** ministir Eocairiste ina iomlán

Cuireann **52** orgánaí ceol ar fáil don Aifreann

Fuair **37** dalta meánscoile Gradaim an Phápa Eoin Pól II i 2023

Bhí an tAthair Éamonn Mac Giobúin ó Dheoise Luimnigh ar dhuine de cheathrar toscairí a d'fhreastail ar Chéim Ilchríochach na hEorpa a bhain le Próiseas Uilíoch an tSionaid i gCathair Phrág.

Thosaigh Deoise Luimnigh a próiseas sionaid féin i 2014 agus reáchtáil sí é i 2016. Ag an tráth sin:

- ghlac gach ceann den 60 paróiste páirt, chomh maith le
- 25 grúpa oideoirí, an Lucht Síuil, imircigh, ministreacht na hóige, araile.
- bhí 5500 duine páirteach ann
- cuireadh 101 togra ar aghaidh
- vótáil 400 toscaire ar na tograí sin

Éamonn Fitzgibbon agus Karen Kiely, *Limerick Diocesan Synod of 2016: A camino of Hope in the Spirit of Truth* (Dublin:Veritas 2023).

**111** freastalaí aifrinn i 14 paróiste

*The Diocese of Limerick – An Illustrated History Book*

eagraithe ag

David Bracken in 2013

**92** Séipéal sa Deoise

# Teagmhálaithe Deoiseacha

## Oifig an Easpaig

An tEaspag Breandán Ó Laochra
Ms. Catherine Kelly, Bainisteoir Ginearálta / Rúnaí Deoiseach
Ms. Patricia Quirke, Bainisteoir Airgeadais

## Oifig Oideachais Sheanáin

Ms. Aoife Foley, Stiúrthóir Gníomhach
Mr. Kevin Kelly, Stiúrthóir Cúnta

## Teagmhálaithe Riachtanacha

Mr. Ger Crowley, Stiúrthóir Cumhdaigh (DLP)
*ger.crowley@limerickdiocese.org 087 3233564*
Ms. Michelle O'Riordan, Oifigeach Cosanta Sonraí
*dpo@cashel-emly.ie*



## Uimhreacha Carthanachta

CRA: 20014728
CHY: 7140

## Déan Teagmháil Linn!

www.limerickdiocese.org
www.limerickdioceseheritage.org
www.limerickdiocesesafeguarding.com
www.stsenansed.ie
*Facebook:* Diocese of Limerick
*Instagram:* @muintearasiosa1

## Sonraí Teagmhála

+353 61 350000
Ionad Deoiseach Luimnigh
Coláiste Mhainicín, An Corrbhaile, Luimneach, V94 925C

office@limerickdiocese.org



deoise
luimnigh
Ár bPobal Caitliceach

“Téanaigí
agus féachaigí
oibreacha Dé – na
héachtaí a rinne sé
idir daoine.”

*Salm 66 (65): 5*

